Parlaimint na hEorpa
2019-2024

an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

2022/0379(COD)

29.6.2023

TUAIRIM

ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

chuig an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos bearta maidir le hardleibhéal idir-inoibritheachta san earnáil phoiblí ar fud an Aontais (an Gníomh um Eoraip Idir-inoibritheach)
(COM(2022)0720 – C9-0387/2022 – 2022/0379(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Cyrus Engerer

PA_Legam

LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile ar an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh, mar an coiste atá freagrach, na nithe seo a leanas a chur san áireamh:

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(4a) Agus idir-inoibritheacht trasteorann agus bonneagar na seirbhísí poiblí digiteacha á saothrú, tá sé ríthábhachtach príobháideachas agus cosaint sonraí pearsanta a choimirciú. Ba cheart na bearta idir-inoibritheachta a bhunaítear faoin Rialachán seo a cheapadh agus a chur chun feidhme ar bhealach a urramaíonn prionsabail na rialacha cosanta sonraí.

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 27 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Chun trédhearcacht a fheabhsú maidir le próiseáil sonraí pearsanta laistigh de raon feidhme an Rialacháin seo, spreagtar teicneolaíochtaí foinse oscailte agus saora.

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. ***Déanfar*** boscaí gainimh ***rialála a***	2. ***Oibreofar*** boscaí gainimh

oibriú faoi fhreagracht ***chomhlachtaí*** rannpháirteacha ***na hearnála poiblí agus***, i gcás ina bhfuil ***próiseáil*** sonraí pearsanta ***ag comhlachtaí na hearnála poiblí i gceist leis an mbosca gainimh***, faoi mhaoirseacht údarás náisiúnta ábhartha eile, nó i gcás ina bhfuil ***próiseáil sonraí pearsanta*** ag institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais ***i gceist leis an mbosca gainimh***, faoi ***fhreagracht*** an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí.

nuálacha faoi fhreagracht ***na gcomhlachtaí earnála poiblí*** rannpháirteacha ***agus***, i gcás ina bhfuil ***an bosca gainimh údaraithe ag comhlachtaí earnála poiblí*** sonraí pearsanta ***a phróiseáil***, faoi mhaoirseacht údarás ***maoirseachta*** náisiúnta ábhartha eile, nó i gcás ina bhfuil ***an bosca gainimh údaraithe*** ag institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais ***sonraí pearsanta a phróiseáil***, faoi ***mhaoirseacht*** an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí.

Leasú 4

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 3 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. ***Beidh sé d'aidhm le*** bunú bosca gainimh ***rialála mar*** a leagtar amach i mír 1 ***cur*** leis na cuspóirí seo a leanas:	3. ***Rannchuideoidh*** bunú bosca gainimh ***nuálach mar*** a leagtar amach i mír 1 leis na cuspóirí seo a leanas:

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. ***Údaróidh an Coimisiún,*** tar éis ***dó*** dul i gcomhairle le Bord um Eoraip Idir-inoibritheach agus, i gcás ina mbeadh próiseáil sonraí pearsanta i gceist leis an mbosca gainimh ***rialála, déanfaidh*** an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, arna iarraidh sin i gcomhpháirt ag trí chomhlacht earnála poiblí rannpháirteacha ar a laghad, bunú bosca gainimh ***rialála***. Níor cheart go ngabhfadh an comhairliúchán sin ionad an réamhchomhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 36 de Rialachán (AE) 2016/679 agus in Airteagal 40 de Rialachán (AE)	5. Tar éis ***don Choimisiún*** dul i gcomhairle le Bord um Eoraip Idir-inoibritheach agus, i gcás ina mbeadh próiseáil sonraí pearsanta i gceist leis an mbosca gainimh ***nuálach, tar éis dul i gcomhairle go críochnúil leis*** an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, arna iarraidh sin i gcomhpháirt ag trí chomhlacht earnála poiblí rannpháirteacha ar a laghad, ***údaróidh an Coimisiún*** bunú bosca gainimh ***nuálaigh***. ***Sonrófar san iarraidh cuspóir na próiseála ar shonraí pearsanta, na gníomhaithe lena mbaineann agus a róil, catagóirí na***

2018/1725. I gcás ina gcuirtear an bosca gainimh ar bun le haghaidh réitigh idir-inoibritheachta lena dtacaítear le hidir-inoibritheacht thrasteorann na gcóras gréasáin agus faisnéise a úsáidtear chun seirbhísí poiblí a sholáthar nó a bhainistiú a bheidh le soláthar nó le bainistiú go leictreonach ag institiúid, comhlacht nó gníomhaireacht amháin nó níos mó de chuid an Aontais, le rannpháirtíocht chomhlachtaí na hearnála poiblí sa deireadh, ní gá aon údarú a fháil.

sonraí pearsanta lena mbaineann, agus a bhfoinse nó a bhfoinsí agus an tréimhse choinneála atá beartaithe. Níor cheart go ngabhfadh an comhairliúchán sin ionad an réamhchomhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 36 de Rialachán (AE) 2016/679 agus in Airteagal 40 de Rialachán (AE) 2018/1725. I gcás ina gcuirtear an bosca gainimh ar bun le haghaidh réitigh idir-inoibritheachta lena dtacaítear le hidir-inoibritheacht thrasteorann na gcóras gréasáin agus faisnéise a úsáidtear chun seirbhísí poiblí a sholáthar nó a bhainistiú a bheidh le soláthar nó le bainistiú go leictreonach ag institiúid, comhlacht nó gníomhaireacht amháin nó níos mó de chuid an Aontais, le rannpháirtíocht chomhlachtaí na hearnála poiblí sa deireadh, ní gá aon údarú a fháil.

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Beidh rannpháirtíocht sa bhosca gainimh ***rialála*** teoranta do thréimhse atá iomchuí do chastacht agus do scála an tionscadail, agus ar aon chuma ar feadh tréimhse nach faide ná ***2 bhliain ó*** bhunú an bhosca gainimh ***rialála. Féadfar an tréimhse rannpháirtíochta a shíneadh go ceann bliana amháin eile nó níos mó más gá chun cuspóir na próiseála a bhaint amach.***	2. Beidh rannpháirtíocht sa bhosca gainimh ***nuálach*** teoranta do thréimhse atá iomchuí do chastacht agus do scála an tionscadail, agus ar aon chuma ar feadh tréimhse nach faide ná ***bliain amháin ó*** bhunú an bhosca gainimh ***nuálaigh.***

Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 3 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) na saincheisteanna sonracha rialála	(b) na saincheisteanna sonracha rialála

atá i gceist agus an treoir a bhfuiltear a bhfuil coinne léi ó na húdaráis a dhéanann maoirseacht ar an mbosca gainimh ***rialála***;	atá i gceist agus an treoir a bhfuiltear a bhfuil coinne léi ó na húdaráis a dhéanann maoirseacht ar an mbosca gainimh ***nuálach***;

Leasú 8

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 3 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) ***rialacha mionsonraithe*** sonracha an ***chomhair*** idir na ***rannpháirtithe agus*** na húdaráis, chomh maith le haon ghníomhaí eile a bhfuil baint aige ***nó aici*** leis an mbosca gainimh ***rialála***;	(c) ***módúlachtaí*** sonracha an ***chomhoibrithe*** idir na ***rannpháirtithe agus*** na húdaráis ***mhaoirseachta***, chomh maith le haon ghníomhaí eile a bhfuil baint aige leis an mbosca gainimh ***nuálach***;

Leasú 9

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 3 – pointe g

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(g) i gcás ina ***bpróiseáiltear*** sonraí pearsanta, léiriú ar na ***catagóirí*** sonraí pearsanta lena mbaineann, na ***críocha ar chucu a beartaíodh*** na sonraí pearsanta agus na ***gníomhaithe*** a bhfuil baint acu leis an bpróiseáil agus an ról atá acu ***sa phróiseáil***.	(g) i gcás ina ***bhfuil sé fíor-riachtanach agus comhréireach*** sonraí pearsanta ***a phróiseáil***, ***na cúiseanna atá leis an bpróiseáil sin,*** léiriú ar ***chatagóirí*** na sonraí pearsanta lena mbaineann, ***cuspóirí*** na ***próiseála dá bhfuil*** na sonraí pearsanta ***beartaithe, na rialaitheoirí, na próiseálaithe*** agus na ***faighteoirí*** a bhfuil baint acu leis an bpróiseáil agus an ról atá acu.

Leasú 10

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 6 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. ***Féadfar*** sonraí pearsanta a phróiseáil sa bhosca gainimh ***rialála*** faoi	6. ***Ní fhéadfar*** sonraí pearsanta a phróiseáil sa bhosca gainimh ***nuálach ach***

réir na gcoinníollacha carnacha seo a leanas:	***amháin*** faoi réir na gcoinníollacha carnacha seo a leanas:

Leasú 11

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 6 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) go bhfuil aon sonraí pearsanta atá le próiseáil i dtimpeallacht próiseála sonraí atá scartha ó thaobh feidhme, leithlisithe agus cosanta faoi rialú na rannpháirtithe agus nach bhfuil rochtain ach ag daoine údaraithe ar na sonraí sin;	(d) go bhfuil aon sonraí pearsanta atá le próiseáil i dtimpeallacht próiseála sonraí atá scartha ó thaobh feidhme, leithlisithe agus cosanta faoi rialú na rannpháirtithe agus nach bhfuil rochtain ach ag daoine údaraithe ***go cuí*** ar na sonraí sin;

Leasú 12

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 6 – pointe f

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(f) ní dhéanann aon phróiseáil ***ar shonraí pearsanta difear*** do chur i bhfeidhm chearta na n-ábhar sonraí ***mar*** dá bhforáiltear faoi dhlí an Aontais maidir le cosaint sonraí pearsanta, go ***háirithe in Airteagal 22 de Rialachán (AE) 2016/679*** agus ***Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2018/1725***;	(f) ní dhéanann aon phróiseáil ***sonraí pearsanta difear*** do chur i bhfeidhm chearta na n-ábhar sonraí dá bhforáiltear faoi dhlí an Aontais maidir le cosaint sonraí pearsanta, ***agus áiritheoidh rannpháirtithe sa bhosca gainimh*** go ***hiomlán é sin, lena n-áirítear trí shocruithe iomchuí teicniúla*** agus ***eagraíochtúla***;

Leasú 13

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 6 – pointe f a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(fa) ní dhéantar aon sonraí pearsanta a phróiseáil chun aon chríche eile seachas chun na críche dár bailíodh na sonraí pearsanta ar dtús;

Leasú 14

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 10

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
10. I gcás ina mbainfidh bosca gainimh rialála le húsáid na hintleachta saorga, beidh i réim na rialacha a leagtar amach faoi Airteagal 53 agus Airteagal 54 de [togra le haghaidh] Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir le hintleacht shaorga (an Gníomh um Intleacht Shaorga) agus lena leasaítear gníomhartha reachtacha áirithe de chuid an Aontais i gcás ina mbeidh coinbhleacht ann leis na rialacha a leagtar amach leis an Rialachán.	***scriosta***

NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Teideal	Lena leagtar síos bearta maidir le hardleibhéal idir-inoibritheachta san earnáil phoiblí ar fud an Aontais (an Gníomh um Eoraip Idir-inoibritheach)
Tagairtí	
An Coiste Freagrach Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	ITRE 21.11.2022
Tuairim ó Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	LIBE 21.11.2022
Coistí comhlachaithe - dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	16.3.2023
Rapóirtéir don tuairim Dáta an cheapacháin	 13.4.2023
Pléite sa choiste	23.5.2023
Dáta an ghlactha	29.6.2023
Toradh na vótála críochnaithí	+: 37 –: 8 0: 4
Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Katarina Barley, Pietro Bartolo, Theresa Bielowski, Malin Björk, Vasile Blaga, Saskia Bricmont, Annika Bruna, Jorge Buxadé Villalba, Damien Carême, Patricia Chagnon, Clare Daly, Anna Júlia Donáth, Lena Düpont, Cornelia Ernst, Maria Grapini, Sylvie Guillaume, Sophia in ‘t Veld, Patryk Jaki, Assita Kanko, Fabienne Keller, Łukasz Kohut, Alice Kuhnke, Jeroen Lenaers, Juan Fernando López Aguilar, Lukas Mandl, Erik Marquardt, Javier Moreno Sánchez, Maite Pagazaurtundúa, Pina Picierno, Karlo Ressler, Diana Riba i Giner, Isabel Santos, Birgit Sippel, Tineke Strik, Ramona Strugariu, Tomas Tobé, Yana Toom, Javier Zarzalejos
Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	José Gusmão, Matjaž Nemec, Bergur Løkke Rasmussen, Dragoş Tudorache, Tom Vandenkendelaere, Petar Vitanov
Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

37	+
ECR	Jorge Buxadé Villalba, Patryk Jaki, Assita Kanko
PPE	Vasile Blaga, Lena Düpont, Frances Fitzgerald, Rasa Juknevičienė, Andrius Kubilius, Jeroen Lenaers, Lukas Mandl, Janina Ochojska, Karlo Ressler, Tomas Tobé, Tom Vandenkendelaere, Javier Zarzalejos
Renew	Anna Júlia Donáth, Martin Hojsík, Sophia in 't Veld, Fabienne Keller, Maite Pagazaurtundúa, Bergur Løkke Rasmussen, Ramona Strugariu, Yana Toom, Dragoş Tudorache
S&D	Katarina Barley, Pietro Bartolo, Theresa Bielowski, Maria Grapini, Sylvie Guillaume, Łukasz Kohut, Juan Fernando López Aguilar, Javier Moreno Sánchez, Matjaž Nemec, Pina Picierno, Isabel Santos, Birgit Sippel, Petar Vitanov

8	-
ID	Annika Bruna, Patricia Chagnon
Verts/ALE	Saskia Bricmont, Damien Carême, Alice Kuhnke, Erik Marquardt, Diana Riba i Giner, Tineke Strik

4	0
The Left	Malin Björk, Clare Daly, Cornelia Ernst, José Gusmão

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : in favour
- : i gcoinne
0 : staonadh